

5 Bealtaine 2020

A sholáthraí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú féin agus do mhuintir slán sábháilte na laethanta deacra seo atá ann faoi láthair. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun tú a chur ar an eolas is deireanaí maidir le tionchar COVID-19 ar an bpróiseas athchlárúcháin.

Mar is eol duit, ba dhéanach go leor in 2019 a tharla an chuid is mó den athchlárúchán. Agus sinn ag déanamh iarracht cabhrú leis na soláthraithe luathbhlianta, rinneadh an próiseas a roinnt ina dhá leath agus rinneadh an spriocdháta chun roinnt cáipéisí a bhí fós le bheith curtha isteach a shíneadh amach go dáta níos déanaí, is é sin an 30 Meitheamh 2020. Ag féachaint do na cúrsaí maidir le COVID-19 nach bhfacthas a leithéid de go dtí seo, agus an brú atá ar an earnáil faoi láthair mar gheall ar an ngéarchéim náisiúnta maidir leis an tsláinte phoiblí, rinneadh cinneadh i mí an Mhárta an spriocdháta a chur siar tuilleadh. Tá sé beartaithe againn an spriocdháta a chur siar, agus a shíneadh amach go 2021 mar gheall ar dhúshlán na héigeantachta maidir le COVID-19 a bheidh le tabhairt againn sna míonna atá amach romhainn, agus táthar chun an dáta cruinn a dheimhniú níos déanaí i mbliana.

Cé go bhfuil an spriocdháta curtha siar go dáta níos déanaí, fós féin tá roinnt iarratas faighte againn ó sholáthraithe ar mhaith leo an próiseas athchlárúcháin a chríochnú nuair atá na seirbhísí dúnta. Chun é sin a éascú, gheobhaidh gach uile sholáthróir r-phost ó thairseach Tusla faoi Dé hAoine na seachtaine seo, chun sibh a chur ar an eolas go bhfuil an tairseach oscailte agus chun comhairle a thabhairt daoibh faoi na cáipéisí atá fós le bheith curtha isteach chun d'iarratas a chríochnú. Beidh treoir le fáil ann freisin faoi conas rochtain a fháil ar an aip ar an tairseach agus sonraí teagmhála chomh maith de na daoine atá ar fáil chun cabhrú leat maidir le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat. Tabhair faoi deara **nach gceanglaítear ort na cáipéisí atá fós gan íoc a chur isteach agus an próiseas athchlárúcháin a chríochnú ag an am seo; mar sin féin, b'fhéidir gur mhaith leat an deis a thapú chun an próiseas a chur ar aghaidh nó a thabhairt chun críche nuair atá an tseirbhís dúnta go sealadach.**

Más mian leat na cáipéisí atá fós ag seasamh amach a chur isteach agus an próiseas athchlárúcháin a chríochnú, tá ár bhfoirne Luathbhlianta agus TFC ar fáil agus táimid ag tnúth le bheith in ann cuidiú leat chun é sin a dhéanamh. Déanfar athbhreithniú ar d'athchlárú nuair atá sé curtha isteach agus beidh ball foirne tiomnaithe sannta chun cabhrú leat.

Sa chás nach mian leat é sin a dhéanamh, oibreoimid leat níos déanaí nuair atá spriocdháta 2021 deimhnithe.

Más rud é nach bhfaigheann tú r-phost faoin Aoine maidir leis na sonraí chun an phróiseas athchlárúcháin a chríochnú, nó má tá aon cheist agat, déan teagmháil linn ach r-phost a chur chuig [re.registration@tusla.ie](mailto:re.registration@tusla.ie) nó ar an Teileafón, ach glao a chur ar 061 461715.

Tabhair aire,



*Fiona McDonnell,  
Stiúrthóir na Seirbhíse  
Náisiúnta Rialáil Seirbhísí do  
Leanaí*

*An Stiúrthóireacht um Dearbhú Cáilíochta*